An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# OIFIGEACH FOIRNE CÚNTA – GRÁD IV

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is é fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun seachadadh réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sheachadadh do chách déanta de thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir éileamh agus soláthar maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gach gné dá bhfeidhm tithíochta
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a fháil agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CCT
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- An Scéim um Leasúchán Piríte agus Scéim na mBloicíní Coincréite Lochtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ar lorg iarratas anois ar fholúntas mar **Oifigeach Foirne Cúnta – Grád IV** ar bhonn buan. Is i mBaile Átha Cliath 2 atá ár n-oifigí lonnaithe. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## Príomhdhualgais

- Nósanna imeachta, scéimeanna agus beartais arna gcomhaontú a chur i bhfeidhm
- Iarratais agus aighneachtaí a mheasúnú
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Páirtithe Leasmhara e.g. an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) de réir mar is gá agus nuair is gá
- Coinní a eagrú agus a sceidealú
- Seirbhís a chur ar fáil do chruinnithe agus freastal orthu mar is gá
- Íocaíochtaí a phróiseáil agus Access, Excel agus Sage á n-úsáid
- Cuairteoirí, glaonna isteach agus post a bhainistiú agus cúnamh a thabhairt le ceisteanna ón bpobal
- Freagairt ar fhiosruithe agus ar iarratais ar fhaisnéis (ar an teileafón, sa phost nó trí ríomhphost)
- Tacaíocht riaracháin ghinearálta amhail;
  - litreacha, doiciméid, agus tuarascálacha a ullmhú
  - sonraí a chur isteach i scarbhileoga agus i mbunachair shonraí, anailísiú bunúsach ar shonraí agus tuarascálacha a dhréachtú
  - coinneáil taifead, bainistíocht comhad, glacadh miontuairiscí, agus scanadh
- Cuidiú le teimpléid agus doiciméid treoracha a fhorbairt agus a nuashonrú
- Feidhmeanna sainiúla eile a chur chun feidhme de réir mar a éilíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta

## Taithí phearsanta agus cáilíochtaí a theastaíonn

### Bunriachtanais

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil na nithe seo a leanas:

- Taithí ábhartha bliana ar a laghad i ról riaracháin

### Tréithe Inmhianaithe

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir idéalach freisin:

- Tuiscint mhaith ar Bheartas/Cleachtas Tithíochta Sóisialta in Éirinn
- Sárscileanna Cumarsáide
- Sárscileanna ríomhaireachta, go háirithe i MS Office Suite
- Cumas oibriú as do stuaim féin, ach mar bhall den fhoireann chomh maith
- Sárscileanna eagrúcháin agus réitithe fadhbanna

### Inniúlachtaí

- **Scileanna Cumarsáide** - Scileanna cumarsáide sármhaithe agus an cumas dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choimeád agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le raon leathan de spriocluchtanna.
- **Obair Foirne -** Cothaítear timpeallacht oibre foirne, agus obair á déanamh mar chuid d'fhoireann chun a áirithiú go seachadtar pleananna agus sceidil, agus faisnéis agus eolas á gcomhroinnt de réir mar is iomchuí
- **Scileanna Eagrúcháin -** An cumas obair/tascanna a phleanáil, a chur in ord tosaíochta, a eagrú agus a sceidealú d'fhonn a áirithiú go gcuirtear i gcrích iad in am agus de réir na sonraíochta
- **Fadhbréiteach -** An cumas faisnéis a mheasúnú maidir le fadhb, an fhaisnéis a anailísiú agus réiteach a mholadh
- **Scileanna TF –** Scileanna sámhaithe ríomhaireachta, go háirithe MS Office Suite
- **Saineolas** - Eolas maith ar Bheartas/Chleachtas Tithíochta Sóisialta in Éirinn

### Scála Tuarastail – Oifigeach Foirne Cúnta – Grád IV Scálaí LA

€32,301 - €34,386 - €37,345 - €39,289 - €40,989 - €42,633 - €44,853 - €46,459 - €48,089
BFS 1 - €49,589
BFS 2 - €51,100

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís thú, go díreach roimh an gceapachán.

### Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Is féidir le saoránaigh de chuid na hEilvéise faoi chomhaontuithe an AE iarratas a chur isteach. Is gá go mbeadh iarrthóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun a bheith incháilithe. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

f) Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann

**Is é an dáta deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil - Dé Máirt, 6 Lúnasa 2024 ag 12 meán lae.**

## Nós Imeachta an Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach faisnéis a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo,

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

#BestWorkplaces24
Proud to be one of the Best Workplaces™ in Ireland.
Best Workplaces™ Great Place To Work® IRELAND 2024

Diversity Charter Ireland

Investors in Diversity | BRONZE